# CINNEADH (CBES) 2023/1513 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 19 Iúil 2023

## maidir le rannchuidiú tríú Stát le Misean an Aontais Eorpaigh san Airméin a ghlacadh (EUMA) (EUMA/2/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/162 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le Misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(3) de Chinneadh (CBES) 2023/162, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh leis na rannchuidithe beartaithe le EUMA ó thríú Stáit.

(2) Tar éis moladh ó Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha ar rannchuidiú beartaithe Cheanada le EUMA, ba cheart glacadh leis an rannchuidiú ó Cheanada agus é a mheas mar rannchuidiú suntasach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Glactar leis an rannchuidiú ó Cheanada le Misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) agus meastar gur rannchuidiú suntasach é.

2. Tá Ceanada díolmhaithe ó ranníocaíochtaí airgeadais le buiséad EUMA.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

([1]) IO L 22, 24.1.2023, lch. 29.